

## TREORACHA na gCISTÍ

### 1. Mar gheall ar Chistí Phobail na bhFeirmeacha Gaoithe

Bord Sholáthar an Leictreachais (BSL) agus a bpáirtnéirí comh-fhiontraíochta Galetch Energy, Greencoat, agus Enercon a chuir Cistí Phobail na bhFeirmeacha Gaoithe ar bun, chun cur le inmharthannacht na bpobal i dteorainn na bhfeirmeacha gaoithe dár gcuid, trí thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus do thionscnaimhí dearfacha áitiúla. Sé is aidhm leis na cistí seo ná díriú ar cheisteanna, ar riachtanaisí, agus ar dheiseanna, atá ann cheana sna pobail ábharacha, nó atá ag teacht chun cinn iontu, chun saibhriú a dhéanamh ar shaol na ndaoine iontu agus méadú a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bheidh rompu amach.

Sé Páirtnéireacht SECAD CTR a riarann na 16 cinn de chistí pobail seo, sna ceantracha timpeall ar 13 cinn d'fheirmeacha gaoithe gur le fo-chomhluchtaí de chuid an BSL iad, agus 3 cinn eile atá i n-úinéireacht páirtíochta ag na fo-chomhluchtaí sin agus ag Galetch Energy, ag Greencoat, nó ag Enercon.

### 2. Buneolas faoi Chistí Phobail na bhFeirmeacha Gaoithe

Tá sé rí-thábhachtach go léifeadh sibh an cháipéis seo ar fad sara ndéanfadh sibh aon iarratas. Leagann an cháipéis amach critéirí ginearálta na ndeontaisí, agus go speisialta, na critéirí chun a bheith i dteideal cur isteach ar Chistí Phobail na bhFeirmeacha Gaoithe. Tugtar sonraí na gcistí ar leith anseo thíos:

#### Feirmeacha Gaoithe i n-úinéireacht an BSL:

Ainm an Fheirm Ghaoithe	Luach a moltar a bhronnfai*	Toise CT**	Ciste ar fáil (2020)
Feirm Ghaoithe na bPort nDubh, Co. Liatroma	€2,000	8 km	€8,670
Feirm Ghaoithe na Ceapaí, Co. Thiobraid Árann	€10,000	8 km	€66,491.25
Feirm Ghaoithe Cheann an Chairn, Co. Loch Garman	€4,000	7 km	€10,115
Feirm Ghaoithe Chnoc an Chorráin, Co. Shligigh	€1,500	5 km	€2,890
Feirm Ghaoithe Chaisleán an Phúca, Co. Chorcaí	€9,000	6 km	€42,627.50
Feirm Ghaoithe Dharaidh Braoin, Co. na Gaillimhe	€9,000	N/A	€50,575
Feirm Ghaoithe Ghléib Gharbhach, Co. Liatroma	€5,000	10 km	€22,100
Feirm Ghaoithe Lóiste na gCearc Fraoigh, Co. Luimnigh	€5,000	6 km	€12,750
Feirm Ghaoithe Ghob na Muine, Co. an Chláir	€4,000	N/A	€22,390.87
Feirm Ghaoithe Shliabh an Iolair, Co. Chiarraí	€2,000	8 km	€5,780
Feirm Ghaoithe Thulaigh na hÁithe, Co. Ros Comáin	€4,000	6 km	€18,700
Feirm Ghaoithe Thigh na Coille, Co. Phort Láirge	€5,000	8 km	€17,000
Feirm Ghaoithe Chnocán an Phóna, Co. Chiarraí	€3,000+	10 km†	€122,299.50

#### Feirmeacha Gaoithe i n-úinéireacht páirtíochta:

Ainm an Fheirm Ghaoithe	Luach a moltar a bhronnfai*	Toise CT**	Ciste ar fáil (2020)
Feirm Ghaoithe Chroc an Cheannaí, Co. Dhún na nGall (BSL & Enercon)	€2,000	8 km	€4,250
Feirm Ghaoithe Thaobh na nEas, Co. an Chabháin (BSL & Galetch Energy)	€4,000	8 km	€18,351
Feirm Ghaoithe an Ráithín Liath, Co. Chill Mhantáin	€9,000	10 km	€46,098.05

\*Níor mhór a thuiscint go bhféadfaí suim airgid a dheonú a sháródh an luach a moltar, má aithnítear go bhfuil tairbhe shubstaintiúil sa tionscnamh don bpobal.

\*\*Toise Cheantar na Tairbheachta, .i. faid gha an chiorcail timpeall ar an bhfeirm ghaoithe mar a mbeifí i dteideal cur isteach ar an gCiste

Maidir leis an gciste atá ar fáil (2020), d'fhéadfadh coimítmintí a bheith ann cheana féin do thionscnaimhí áirithe pobail a bheadh

istigh san áireamh sna figiúirí dá réir.

### Ceantar na Tairbheachta

Tabharfaidh an Ciste tús aite d'iarraaisí ó ghrúpaí agus ó eagraíochtaí laistigh de cheantar na tairbheachta. Ní cuirfear iarraaisí ón dtaobh amuigh do cheantar na tairbheachta san áireamh ach amháin sa chás go meastar go ndíríonn an tionscnamh go díreach ar riachtanas nó ar cheist nó ar dheis áirithe, atá ann cheana nó a bheadh ag teacht, a bhaineann leis na pobail is giorra don bhfeirm ghaoithe.

### \*Is féidir féachaint ar an tábla ar leathanach a 1, mar a léirítear Toise Cheantar na Tairbheachta do gach feirm ghaoithe.

Níl aon toise ar leith leagtha síos do na cistí a bhaineann le Feirm Ghaoithe Dharaidh Braoin agus le Feirm Ghaoithe Ghob na Muine, ach tabharfar tús áite d'iarraaisí ó ghrúpaí pobail ón áit agus ó eagraíochtaí sa cheantar timpeall ar an bhfeirm ghaoithe.

†Is mar seo a leanas a leagtar amach Toisce Cheantar na Tairbheachta (“TCT”) do Chiste Fheirm Ghaoithe Chnocán an Phóna:

#### **Zón 1:**

(a) Conair 2 km ar feadh bhóthar an tsoláthair ó Bhaile Bhuirne, trí Chúil Aodha, go dtí an slí isteach go dtí Feirm Ghaoithe Chnocán an Phóna, suas trí Chúil Chnóchoille, an ~Gleann, (Droichead Uí Mhórdha), agus ar aghaidh go dtí Cill Gharbháin ar an R569.

(b) Faid 2 km timpeall ar theorainn shuíomh Fheirm Ghaoithe Chnocán an Phóna.

#### **Zóne 2:**

(a) Faid 10 km timpeall ar lár Fheirm Ghaoithe Chnocán an Phóna.

(b) Conair 1.5 km den gceangal le heangach na haibhléise ag fo-stáisiún 220kV Bhaile Uascail (aithbhreithniú le tarlú i mbliain a 3).

Chun teacht ar a thuilleadh eolais faoi chiste gach feirm ghaoithe, is féidir dul go dtí an suíomh seo: <http://www.windfarmcommunityfunds.ie/the-funds/>

### 3. Cé Dhó agus Cad Dó a Thabharfadh na Cistí Tacaíocht

De ghnáth, cuirfear an ciste ar fáil d'eagraíochtaí pobail nó d'eagraíochtaí deonacha ar mhaithe le tionscnaimhí atá lonnaithe laistigh d'fhaid áirithe ón bhfeirm ghaoithe. Ní glacfar ach le hiarratas amháin sa bhliain ó aon ghrúpa nó eagraíocht ar leith.

Tugann an ciste tacaíocht do thionscnaimhí nó do ghníomhaíochtaí go bhfuil leas soiléir ag baint leo i gceann amháin de na catagóirí seo leanas ar a laghad:

- An t-oideachas agus na scileanna
- An tsláinte, an tsábháilteacht, agus an leas ginearálta
- An timpeallacht agus caomhnú na ngnáthóg
- Éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht i n-úsáid an fhuinnimh
- An cultúr agus an oidhreacht
- An caitheamh aimsire, an spórt, agus an cuimsiú sóisialta

#### For-chostaisí

Glacfaidh Cistí Phobail na bhFeirmeacha Ghaoithe 2020 le hiarrataisí ar fhor-chostaisí, faoi réir ag na coinníollacha a leagtar amach anseo thíos:

- Má cuirtear isteach ar chostaisí téitheoireachta d'fhoirgintí, caithfidh rátáil BER a bheith ag an bhfoirgneamh. I gcás foirgintí le rátáil fuinnimh atá an-íseal, moltar go láidir cur isteach ar ath-chóiriú sa chéad uair, agus teangmháil a dhéanamh le [SEAI](#).
- Ar an gcuma chéanna, má cuirtear isteach ar chostaisí soilsitheoireachta, ba cheart aon obair nó feabhsúcháin is gá maidir le éifeachtúlacht úsáid an fhuinnimh a dhéanamh sara gcuirfí isteach ar chostaisí reatha.
- Níor mhór deimhniú a bheith ar fáil nach bhfuil aon mháchailí móra struchtúrtha ann, .i. an díon/na fallaí/na doirse go léir a bheith go slán is go fónta, agus an ghloine sna fuinneoga, srl.
- Caithfear aon obair deisiúcháin a chur i gcrích sara nglacfaí le iarratas ar chostaisí reatha.
- An luach a moltar a bhronnfaí an méid is mó go bhféadfaí iarratas a dhéanamh air (féach an tábla anseo thuas).

Níor mhór a thuiscint, i gcás gach tionscnamh go gceadófaí maoiniú dhó, go gcaithfear iniúchadh fuinnimh a dhéanamh sara mbronnfaí Conradh na tairisceana. Féadfaidh na maoinitheoirí nó na hiarratasóirí an iniúchadh seo a reachtáil. Ach is coinníoll de na cistí é go gcaithfidh aon ghrúpa a chuirfidh isteach ar Chostaisí Reatha dul i gcomhairle le SECAD sara gcuirfidís isteach an t-iarratas.

### Scoileanna Náisiúnta

Má theastaíonn ó bhunscoileanna iarratas a dhéanamh ar an gciste, caithfidh siad a léiriú nach maoiníodh Roinn an Oideachais agus na Scoileanna an tionscnamh atá i gceist acu. I gcás an amhrais, ba cheart dul i dteangmháil le SECAD. Tá sé tábhachtach a thuiscint nach nglacfar le hiarrataisí ar Chistí Phobail na bhFeirmeacha Gaoithe chun trealamh IT a cheannach do Scoileanna Náisiúnta, ón uair go bhfuil Straitéis Digiteach na Scoileanna 2015 – 2020 ann chuige sin.

Maidir le hiarrataisí ar an gciste ón mbliain 2016 amach, agus ag tabhairt na gcrítéirí ginearálta san áireamh, cuirfidh Cistí Phobail na bhFeirmeacha Gaoithe fáilte roimh iarrataisí ó Scoileanna Náisiúnta i réimsí na dtéamaí seo leanas:

- Tionscnaimhí san oideachas faoin éiceolaíocht, an timpeallacht agus éagsúlacht na beatha san áireamh
- An chruthaitheacht agus ealaíona na stáitse, leis an ealaíon, an oidhreacht, an ceol, an litríocht, agus an cultúr san áireamh
- Áiseanna pobail go mbeadh teacht ag an bpobal go ginearálta orthu
- Tionscnaimhí a spreagfadh an t-oideachas lasmuigh, e.g. gáirdín glasraí, seomra ranga lasmuigh, móinéar na mbláthanna

### Maoiniú Il-bhliantúil / Pleanáil Straitéiseach agus “Legacy” ++

D’fhéadfaí áisitheoireacht a dhéanamh ar thionscnaimhí móra trí chomhaontú il-bhliantúil. Ina leithidí sin de chásanna, eiseofar Conradh don ngrúpa chun méid áirithe airgid a chlúdach, agus díolfar é i ngálaí seasta ar bhonn bliantúil, e.g. €6,000 x 4 bliana = €24,000.

++ Is féidir teacht ar a thuilleadh eolais ar an suíomh <https://windfarmcommunityfunds.com/>.

Chun cur isteach ar mhaoiniú il-bhliantúil, níor mhór na rudaí seo leanas a léiriú san iarratas:

- Cuirfear an tionscnamh i gcrích sa chéad bhliain don gconradh (le séala oiriúnach críochnúlachta nó deimhniú mar a leagfaí síos sa chonradh, e.g. tuairisc innealtóra nó ailtire)
- Ní glacfar le haon iarrataisí ar thacaíocht il-bhliantúil ach amháin i gcás tionscnaimhí straitéiseacha nó “legacy”, e.g. ath-chóiriú ar halla an phobail, áiseanna spórt a fhorbairt, feabhsú ar sheirbhísí bunúsacha.

Níor mhór a thuiscint nach bhfuil sé i gceist go dtabharfaí níos mó ná 30% d’aon chiste ar leith do thionscnaimhí il-bhliantúla san aon bhliain amháin.

### Ní féidir tacaíocht an chiste a thabhairt do thionscnaimhí nó do ghníomhaíochtaí má bhíonn aon cheann de na rudaí seo leanas i gceist:

1. Tionscnaimhí i n-úinéireacht ag duine aonair, nó ag an earnáil phríobháideach, nó ag eagraíochtaí atá ann chun proifid a dhéanamh, nó tionscnaimhí a bheadh á reachtáil ag a leithidí.
2. Tionscnaimhí go dtéann a bpríomh-leas chun eagraíochtaí le coinníollacha sriantacha chun teacht orthu, .i. “éinne ach na baill”.
3. Tionscnaimhí go mbeadh obair tosnaíthe orthu sara gcuirfí isteach an t-iarratas, cé gur féidir cur isteach ar mhaoiniú do chéim ar leithrigh de thionscnamh
4. Tionscnaimhí a dhéanfadh ionadaíocht díreach ar ghníomhaíocht nó ar mhaoiniú reachtúla.
5. Tionscnaimhí a chuireann gníomhaíochtaí nó seirbhísí nó infreastruchtúr ar fáil faoi dhó laistigh don bpobal gan cúis gan gá.
6. Tionscnaimhí nach dtéann chun leas mhuintir na háite go díreach, agus nach meastar nach bhfuilid ann chun proifid a dhéanamh.
7. Tionscnaimhí go bhfuil a leithid chéanna de mhaoiniú ar fáil ó fhoinse eile chuige, cé go gcuirtear fáilte roimh mhaoiniú meaitseála
8. Tionscnaimhí atá i gcoinnibh aidhmeanna, cuspóirí, nó pholasaí an BSL, nó aon chomhluchtaí bainteacha eile, nó a théann lena n-aimhleas.
9. Tionscnaimhí a dheineann cothú nó forbairt go díreach ar aon cheann de na rudaí seo leanas:
  - aon chreideamh nó reiligiún ar leithrigh
  - aon pháirtí polaitiúil ar leithrigh

- aon sórt fiagaíochta nó lámhachadóireachta
10. Tionscnaimhí a dheineann iarracht na costaisí seo leanas a chlúdach:
- Costaisí CBL a fhéadfaí a ghabháil thar n-ais.
  - Árachas.

#### Ní thugann an ciste tacaíocht de ghnáth do na rudaí seo leanas

Comhluchtaí reachtúla nó comhluchtaí cúntasacha (scoileanna san áireamh), maran féidir leo fianaise a sholáthar go bhfuil an tionscnamh atá i gceist faoi cheannaireacht an phobail, go hoscailte, go bhfuil teacht ag an bpobal air, go raghadh sé chun leas an phobail, agus nach dualgas reachtúil é.

#### 4. Conas Iarratas a Dhéanamh

Dul go dtí suíomh táirsigh na n-iarratas ag [www.communitybenefitfunds.ie](http://www.communitybenefitfunds.ie).

- Loirgeofar ort na cáipéisí seo leanas, ar a laghad, a chur isteach i dteannta leis an iarratas:
  - Cóip de ráiteas chúntas na heagraíochta sa bhanc, sa chomhar creidmheasa, nó i n-oifig an phoist
  - Cóip de bhunreacht na heagraíochta, le síniú agus dáta air (tá teimpléad ar fáil ó SECAD ach é a lorg). Ba cheart go mbeadh deimhniú ar na rudaí seo leanas ar a laghad sa bhunreacht:
    - o gur cuspóirí carthannachtúla atá ag an eagraíocht;
    - o nach bhfuil sé ann chun proifid a dhéanamh; agus
    - o nach ndíoltar aon íocaíochtaí leis na stiúrthóirí nó leis na hiontaobhaithe
  - Caithfidh meastacháin a bheith agaibh chun deimhniú a dhéanamh ar luach gach rud atá sibh chun a cheannach, agus go bhfuil sibh ag lorg tacaíochta ar Chistí Phobail na bhFeirmeacha Gaoithe chuige, mar seo leanas:
    - o D’aon rud a chosnódh faoi bhun €5,000, caithfidh meastachán amháin a bheith agaibh chuige
    - o D’aon rud a chosnódh os cionn €5,000, caithfidh sibh trí mheastachán a chur ar fáil, ó thriúr soláthraitheoirí difriúla

Maidir le obair ath-chóirithe/tógála/ullmhúcháin/suiteála srl, caithfear na rudaí seo leanas a sholáthar:

- Léas nó litir a léireodh cead an úinéara chun an obair atá á mholadh a dhéanamh, maran é an t-iarrasatóir úinéir an áitrimh.
- Cead pleanála, nó litir nó ríomh-phost le díolúine ón Údarás Áitiúil ábharach.

Má tá obair tógála, ath-chóirithe, ullmhúcháin, suiteála, etc., i gceist le bhur dtionscnamh féin, caithfidh sibh fianaise a sholáthar go bhfuil Cead Pleanála agaibh, nó ceann éigin acu, Litir nó Ríomh-phost Díolúine ón Údarás Áitiúil.

Níor mhór a thuiscint gur ar an ngrúpa a dhéanfaidh an t-iarratas atá an fhreagracht gach cead ábharach a chur ar fáil. Tá a thuilleadh eolais maidir le próiseas na pleanála, agus sonraí teangmhála do na hÚdaráis Áitiúla, ar fáil ag na nascanna anseo thíos:

<https://www.housing.gov.ie/PLANNING/LEAFLETS/PLANNING-LEAFLETS>

<https://www.housing.gov.ie/local-government/administration/local-authorities/local-authorities>

**Níor mhór a thuiscint nach ndéanfar measúnacht ar aon iarratas nach seolfar isteach an cháipéisíocht is gá ina theannta, e.g. cead pleanála, díolúine pleanála, cead an úinéara.**

#### Teastas Glanta Cánach

I gcás conraí ar luach €10,000 nó os a chionn, níor mhór don dtionscnoir Uimhir Thagartha Cánach (“Tax Reference Number”) agus Uimhir Rochtain Ghlinta Cánach (“Tax Clearance Access Number”) a chur ar fáil do SECAD thar ceann an ghrúpa a dhéanfaidh an t-iarratas agus sholáthraitheoirí na n-earraí nó na seirbhísí. Caithfear iad sin a chur ar fáil ag Céim an Éilimh.

#### CBL

Níor mhór a thuiscint, má tá an eagraíocht seo agaibh féin cláraithe don CBL, ní ceadófar aon éileamh ar íocaíocht as cuid an CBL den gcaiteachas.

## 5. Plean agus Buiséad an Tionscnaimh

Níor mhór am a thógaint chun machnamh a dhéanamh ar bhur dtionscnamh pobail, chun go dtuigfeadh sibh go soiléir na costaisí ba cheart a thabhairt san áireamh i mbuiséad an tionscnaimh. Tá sé tábhachtach a thuiscint nach féidir aon íocaíocht a dhéanamh go dtí go mbeidh an tionscnamh curtha i gcrích agus na hearraí i bhur lámha agaibh.

### Fadhbanna Comónta

- Iarrataisí nach bhfuil críochnaithe go hiomlán
- Cur síos lag ar an dtionscnamh
- Gan na critéirí a léamh
- Ceisteanna áirithe a fhágaint bán, gan freagra
- Cáipéisíocht ar iarraidh
- Nach réitíonn costaisí an tionscnaimh leis na meastúcháin

Sa chás go mbeifí ag déanamh aon sórt obair tógála, níor mhór a thuiscint go mbeidh Tuairisc an Innealtóra, nó “ROSPA” i gcás clósanna imeartha, ag teastáil ag Céim an Éilimh. Is féidir costaisí na dtuairiscí seo a chur isteach leis an iarratas (féach chuige go mbíonn meastúchán ann chuige).

Níor mhór dhaoibh bhur machnamh a dhéanamh ar an dtionscnamh a theastaíonn uaibh a chur san iarratas, agus plean a dhéanamh, chun go mbeadh an cháipéisíocht go léir is gá agaibh roimh am dúnta na n-iarrataisí.



Grianghraf le caoinhead “St Kieran’s Heritage Association”

## 6. Dátaí Tábhachtacha

Siad seo leanas na dátaí tábhachtacha do chiste na bliana 2020 d’Fheirm Ghaoithe Chnocán an Phóna:

Oscailt an Chiste: 16th Meán Fómhair 2020

Dúnadh an Chiste: 11th Samhain 2020

Eisiúint na gConraí: Mí na Nollag 2020

**Tá na cistí eile go léir de Chistí Phobail na bhFeirmeacha Gaoithe dúnta d’iarrataisí anois; osclófar i n-athuair iad go luath sa bhliain 2021.**

Tá sé le tuiscint nach nglacfar le haon iarrataisí, nó le cáipéisíocht bainteach leis na hiarrataisí, tar éis dáta dúnta na n-iarrataisí.

Ba cheart go gcuirfí toradh na n-iarrataisí i n-iúil do na hiarratasóirí faoi dháta nach déanaí ná mí na Nollag 2020. Más amhlaidh a bhíonn aon mhoill orainn de dheascaibh líon na n-iarrataisí, cuirfimid é sin i n-iúil daoibh chomh maith.

## 7. Crítéirí na Measúnachta

Déanfar measúnacht ar gach iarratas a thiocfaidh faoi bhráid an chiste do réir na gcrítéirí seo leanas:

- Ionad an Tionscnaimh: An bhfuil an tionscnamh lonnaithe laistigh de Cheantar na Tairbheachta (féach ar na mapaí), nó “i n-ionad seirbhísi” (e.g., i mbaile i n-aice láimhe), atá lasmuigh de Cheantar na Tairbheachta, ach a bhíonn á úsáid ag muintir na háite laistigh de?
- Léiriú ar an riachtanas atá leis an dtionscnamh agus ar an éifeacht a bheadh aige ar na daoine agus ar na pobail ag maireachtaint sa cheantar sprice
- Fad Saoil an Tionscnaimh / línte ama agus costaisí oiriúnacha
- An cion a dhéanfaidh an tionscnamh i gcuspóirí téamacha an Chiste, mar a leagtar síos i mír a 3 anseo thuas iad (ag teacht le bun-luachanna Chistí Phobail na bhFeirmeacha Gaoithe)
- An cion a dhéanfaidh an tionscnamh sa chuimsiú sóisialta sa cheantar
- An cion gearrálta a dhéanfaidh an tionscnamh sa cheantar

D’fhéadfaí tús áite a thabhairt do ghrúpaí nach bhfuair aon tacaíocht ó na cistí le dhá bhliain anuas.

**Níor mhór a thuiscint nach ndéanfar measúnacht ar aon iarratas nach seolfar isteach an cháipéisíocht is gá ina theannta, e.g. cead pleanála, díolúine pleanála, nó cead an úinéara.**

## 8. Tar éis daoibh an tIarratas a sheoladh isteach

Geobhaidh sibh ríomh-phost chun a dheimhniú go bhfuair an t-iarratas, mar aon le cóip de bhur bhfoirm iarratais, ceangailte don ríomh-phost mar PDF, a fhéadfadh sibh a phriontáil amach daoibh féin.

Déanfaidh SECAD fiosrúcháin ansin chun féachaint chuige go dtagann an tionscnamh agus an eagraíocht le crítéirí an chiste. Má bhíonn an t-iarratas iomlán, agus má thagann sé leis na crítéirí, cuirfear ar aghaidh don measúnacht é.

I gcásanna áirithe, d’fhéadfadh iarratas a chur siar. Sa chás sin, b’fhéidir go loirgeódh SECAD eolas breise oraibh chun gur féidir an t-iarratas a thabhairt san áireamh i ngrúpa eile ina dhiaidh san.

## 9. An Chinnteoireacht

Is ar an gCiste ar an ndéanfaí an t-iarratas a bhraithfidh an cinneadh. De ghnáth, dhéanfaidh SECAD moladh do na maoinitheoirí, agus i n-áiteanna áirithe, d’fhéadfadh Painéal Measúnachta ón bPobal a bheith i gceist. Níor mhór a thuiscint gur cinní críochnúla iad na cinní a dhéanfaidh Cistí Phobail na bhFeirmeacha Gaoithe. Cuirfear na cinní i n-iúil do na hiarratasóirí ar dháta nach déanaí ná mí na Nollag 2020.

**Tabhair faoi ndeara, sa chás go ndéanfaí canbhasáil nó stocaireacht ar bhail an phainéil, go ndícháileofar an t-iarratas gan a thuilleadh a bheith air.**

### Aiseolas

I gcas na gcrítéirí a bhaineann le cláracha agus le cistí SECAD go léir, féachtar chuige go cáiréiseach go ndeintear measúnacht ar na hiarratais go léir do réir na gcrítéirí, i slí cothrom comh-leanúnach. Cé gur cinní críochnúla iad na cinní go léir, féadfaidh SECAD aiseolas a thabhairt ar iarratais nach n-éireodh leo, ar bhonn iarratais.

## 10. Conraí á Thairiscint

Geobhaidh na hiarratasóirí go n-éireoidh leo litir agus conradh le tairiscint shealadach deontais; caithfear glacadh leis, é a shíniú, agus é a chur abhaile faoi cheann 15 lá oibre.

Níor mhór a thuiscint go bhféadfadh coinníollacha a bheith leagtha síos sa litir leis an dtairiscint shealadach, coinníollacha a chaithfí a chomhlíonadh sa tréimhse 15 lá. Mar aon leis an gconradh, geobhaidh na hiarratasóirí na sonraí ábharacha chun logáil isteach chun an deontas a éileamh, agus nótaí treoracha maidir leis an slí a tharraingeofaí an maoiniú.

Ní ceart aon chaiteachas a dhéanamh ar na heilimintí don dtionscnamh a bheidh clúdaithe sa deontas go dtí go bhfaighidh an eagraíocht a dhein an t-iarratas an conradh thar n-ais is é sínithe.

## Sárú na dTearmaí is na gCoinníollacha

Sa chás go dtuigtear do SECAD go bhfuil iarratasóir áirithe tar éis téarmaí is coinníollacha an deontais a shárú, caomhnaíonn SECAD a gcearta chun an deontas iomlán a ceadáíodh a lorg thar n-ais. D'fhéadfadh SECAD a bheartú chomh maith nach nglacfaí le haon iarrataisí eile ar mhaoiniú ón eagraíocht chéanna go ceann dhá bhliain ar a laghad, agus ansin féin, nach nglacfaí le iarrataisí mara gcuirfeadh an eagraíocht fianaise ar fáil go bhfuil bearta curtha i gcrích acu chun a gcumas a neartú, fianaise a chuireadh fianaise go lorgaíodh cabhair ar eagraíochtaí ábharacha tacaíochta nó eagraíochtaí scátha.

## Dátaí Deiridh na dTionscnamh

Beidh dáta deiridh ins gach Conradh, agus ina dhiaidh sin, raghaidh tairiscint an deontais daoibh i n-éag, agus ní bheith sé dlite le n-íoc feasta. De ghnáth, 6 mhí ó dháta an eisithe a bhíonn i gceist.

Má tharlaíonn sé ar chúis éigint go gcuirfí moill ar bhur dtionscnamh agus nach mbeadh sé curtha i gcrích faoin ndáta deiridh, ba chóir daoibh teacht i dteangmháil le SECAD láithreach.

**Níor mhór a thuiscint, go ginearálta, go gcaithfidh na grúpaí pobail a dtionscnamh a thabhairt chun críche agus téarmaí a gconartha a chomhlíonadh sara bhféadfaidís iarratas eile a dhéanamh ar an gciste. Tá maoiniú il-bhliantúil san aireamh anseo, .i. beidh ar an ngrúpa fanacht go dtí deireadh téarma iomlán an chonartha sara bhféadfaidís iarratas eile a dhéanamh ar an gciste.**

## 11. An Próiseas chun an Deontas a Éileamh

### Éileamh an Deontais

Níor mhór a chuimhneamh go gcaithfidh sibh an cháipéisíocht riachtanach go léir a chur isteach sara ndíolfaí amach an maoiniú. Níor mhór a thuiscint, má bhíonn aon cháipéisíocht ar iarraidh, nó mara mbeidh sé go hiomlán, go gcuirfidh sé seo moill ar an éileamh. Cuirfidh SECAD amach “Treoir chun Íocaíochtaí a Éileamh” (“Claim for Payment Guide”) leis an gconradh, ina mbeidh na sonraí ar an gcáipéisíocht a chaithfidh a bheith leis an éileamh.

### Ainm Fhaighteoir an Deontais

Nuair a bheidh SECAD ag próiseáil íocaíochtaí bhur ndeontais, is leis an ngrúpa nó leis an gcomhlucht a luaitear i dTairiscint an Chonartha a déanfar na híocaíochtaí sin. Caithfidh an cháipéisíocht go léir, ar nós sonrascaí, admhálacha, srl, a bheith san ainm sin.

### Cúntas Bainc agus Íocaíochtaí don dTionscnamh

Ba cheart go mbeadh cúntas sa bhanc, sa chomhar creidmheasa, nó i n-oifig an phoist ag gach iarratasóir, i n-ainm an ghrúpa nó na heagraíochta, agus ba cheart na híocaíochtaí go léir a dhéanamh tríd an gcúntas sin.

I gcásanna fíor-neamhgnácha, agus ar bhonn comhaontú roimh ré le SECAD, d'fhéadfadh eagraíochtaí nach bhfuil cúntas bainc dá gcuid féin acu eagraíocht eile a ainmniú chun an maoiniú a choimeád thar a gceann.

Sé comhairle SECAD é gur ceart íocaíochtaí i n-airgead tirim a sheachaint, nó a laghdú oiread agus is féidir.

### Monatóireacht an Tionscnaimh

Caomhnaíonn SECAD agus na maoinitheoirí a gcearta chun cuairt mhonatóireachta a dhéanamh ar aon cheann de na hiarratasóirí a gheobhaidh maoiniú.

Sa chás go n-aontófaí maoiniú il-bhliantúil, cuirfear creatlach oiriúnach monatóireachta i bhfeidhm.

### Éileamh a Dhéanamh ar Íocaíochtaí

Nuair a cuirfear tionscnamh i gcrích, beidh ar an ngrúpa a dhein an t-iarratas an cháipéisíocht riachtanach a lódáil suas, chun a léiriú gur do réir an chonartha a deineadh caiteachas an tionscnaimh. Tar éis do SECAD an caiteachas a dhearbhu, díolfaí amach an íocaíocht ábharach leis an ngrúpa. Cuirfear treoracha sonraitheacha ar fáil do gach grúpa faoin bpróiseas chun éileamh a dhéanamh ar íocaíochtaí.

Sa chás nach gcríochnófaí aon tionscnamh go hiomlán do réir an chonartha, thárlódh sé nach ndéanadh SECAD an íocaíocht deireannach, agus go loirgeodh sé go ndíolfaí thar n-ais an maoiniú a tugadh don ngrúpa ó thosach.

## 12. Íocaíochtaí i dTosach an Chonartha (go píolóiteach)

Mar chabhair do ghrúpaí pobail, tá na maoinitheoirí tar éis tús a chur le tionscnamh píolóiteach, ina n-íocfaí 60% de luach an deontais leis an ngrúpa roimh ré, ach go mbeidh an conradh sínithe ag an iarratasóir agus ag SECAD.

Chun a bheith i dteideal na n-íocaíochtaí luatha seo, caithfear cloí leis na critéirí seo leanas:

- Aon chaiteachas ach ceannachán earraí, seirbhísí, nó trealaimh
- Luach an chonradh €6,000 nó faoina bhun

Ní tabharfar íocaíochtaí luatha do na tionscnaimhí seo leanas:

- Tionscnaimhí il-bhliantúla
- Tionscnaimhí go bhfuil obair tógála / ath-chóirithe / suiteála nó dreachtú tíreach mar chuid dóibh
- Tionscnaimhí ina bhfuil gá le cead, mar a bheadh cead pleanála, cead an úinéara, cead oifigeach na hoidhreacht, nó a leithéidí eile

### Íocaíocht Láithreach

Nuair a bheidh an conradh aontaithe agus sínithe ag an dá thaobh, aistreoidh SECAD 60% de luach an chonartha go cuntas bainc an ghrúpa nó an eagraíocht a d'ainmnigh an t-iarratasóir.

Déanfar an íocaíocht deireannach do réir na dtreoracha faoi **“Éileamh a Dhéanamh ar Íocaíochtaí”** anseo thuas.

### Eolas Eile

Má bhíonn aon cheisteanna agaibh, ba cheart daoibh teacht i dteangmháil le SECAD:

Fón: 021 4613432  
R-phost: [info@secad.ie](mailto:info@secad.ie)  
Suíomh: [www.communitybenefitfunds.ie](http://www.communitybenefitfunds.ie)

Páirtnéireacht SECAD CTR  
Ionad Fiontraíocht Phobail Mhainistir na Corann  
Páirc Gnó Abhainn na Cora  
Cnocán Ghrífin  
Mainistir na Corann  
Co. Chorcaí